Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Samhain 2024
(OR. en)

14693/24
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0257(NLE)

TRANS 440
COWEB 159
ELARG 140

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Dréacht CINNEADH Ó CHOISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR maidir le leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2019/3 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair an 5 Meitheamh 2019 |

DRÉACHT

**CINNEADH Uimh. …/2024**
**Ó CHOISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH**
**AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR**

**an …**

**maidir le leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2019/3 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair an 5 Meitheamh 2019**

TÁ COISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, agus go háirithe Airteagal 24(1) agus Airteagal 30 de,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal Aonair*

In Iarscríbhinn II (Rialacháin Foirne an Chomhphobail Iompair) a ghabhann le Cinneadh Uimh 2019/3 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair an 5 Meitheamh 2019, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 10.4:

'10.4. Saoire Mháithreachais

(a) Beidh mná torracha i dteideal 20 seachtain saoire mháithreachais le pá iomlán ach teastas dochtúra a thíolacadh. Ní thosnófar an tsaoire sin níos luaithe ná sé seachtaine roimh an dáta tuartha luí seoil a bheidh thíos sa teastas agus ní chríochnófar an tsaoire sin níos luaithe ná 14 seachtaine tar éis an dáta luí seoil. I gcás gearradh Caesarach nó i gcás ina saolaítear níos mó ná leanbh amháin nó i gcás breithe anabaí nó i gcás ina saolaítear leanbh agus é faoi mhíchumas nó breoiteacht thromchúiseach air, mairfidh an tréimhse 24 seachtaine. Is éard is breith anabaí ann chun críocha na forála seo, breith a bhí ann roimh dheireadh an 34ú seachtain toirchis. I gcás contúirt thromchúiseach don mháthair nó don leanbh, féadfar tús a chur le saoire mháithreachais níos luaithe, ach teastas dochtúra a chur ar fáil ina moltar saoire mháithreachais níos luaithe. I ngach cás, tosóidh saoire mháithreachais ar fhíordháta bhreith an linbh ar a dhéanaí.

(b) Coinnítear an teidlíocht do shaoire mháithreachais ina hiomláine má fhaigheann an leanbh bás tráth na breithe nó go luath ina dhiaidh sin.

(c) Féadfar saoire bhliantúil a thógáil láithreach, gan bhriseadh, tar éis na saoire máithreachais.

(d) Féadfaidh an ball foirne filleadh ar an obair roimh dheireadh a saoire máithreachais, ar choinníoll go gcuirfidh sí isteach teastas dochtúra a léiríonn go bhfuil sí ábalta a cuid dualgas a chomhlíonadh.’.

Arna dhéanamh in/sa ..., ...

*Thar ceann an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh*
*An tUachtarán*